Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 19

# Oifig an Ombudsman

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.63 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á reáchtáil ag Oifig an Ombudsman.

Chuathas i mbun na freagrachta seo i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhí ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile a bhí orm mar An tArd-Stiúrthóirl. Thairis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta, ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéanfaí earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a aimsiú ar bhealach tráthúil. Is próiseas leantach é cothabháil na rialaithe inmheánacha agus déantar athbhreithniú leantach ar an gcóras agus a éifeachtacht.

Chomhlíon mé na freagrachtaí atá orm i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte as seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil.

***Dearbhú maidir le Seirbhísí Comhroinnte***

Is é an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann an fheidhm párolla agus an fheidhm acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte (Vóta 18).

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 freagrach as feidhmiú rialaithe laistigh de na Lárionaid Seirbhíse Comhroinnte. Chuir sé do sheirbhísí comhroinnte próiseas iniúchóireachta i bhfeidhm chun dearbhú neamhspleách a chur ar fáil maidir le hoibriú na rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte. Déanann gnólachtaí cuntasóirí na hiniúchtaí de réir an Chaighdeáin Náisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402). Is é aidhm an Chaighdeáin sin ná tuairisc a thabhairt do ranna is úsáideoirí agus dá n-iniúchóirí ar na rialaithe laistigh de sheirbhísí comhroinnte.

Cuimsítear sna hiniúchtaí (i) measúnú ullmhachta chun rioscaí agus rialaithe gaolmhara a shainaithint agus chun anailís ar bhearnaí a chur ar fáil, (ii) tuairisc ar dhearadh na rialaithe agus ar iad a bheith ann, agus (iii) tuarascáil bhliantúil ar cé acu a d'oibrigh na rialaithe go héifeachtach nó nár oibrigh.

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte litir ar fáil dom ina dtugtar breac-chuntas ar an dul chun cinn atá déanta ar an bpróiseas dearbhaithe iniúchta a chur chun feidhme agus ar thorthaí na n-iniúchtaí ar dhearadh, ar eiseadh agus ar oibriú na rialaithe a meastar go dtabharfar tuairisc orthu dom, mar atá leagtha amach sa litir sin.

Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe laistigh de Sheirbhísí Comhroinnte de réir mar a thugann an tOifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte tuairisc dom.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním leis seo go bhfuil timpeallacht rialaithe, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm

- tá freagrachtaí airgeadais tar éis a bheith sannta ag leibhéal na bainistíochta le cuntasacht dá réir
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- cuireadh gnáis fhoirmiúla ar bun chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun a chinntiú go nglactar na céimeanna réitithe cuí
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- baineann an Oifig úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) chun riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear na scileanna bainistíochta airgeadais agus cuntasaíochta a theastaíonn uathu, i measc nithe eile. Ina dhiaidh sin, déantar an oiliúint a theastaíonn a eagrú nó a fhoinsiú, de réir mar is cuí.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím leis seo go bhfuil creat gnás riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, ach go háirithe, go bhfuil

- Córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil ar a dhéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialto.
- Athbhreithniú rialta ar siúl ag an ardbhainistíocht de thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin.
- Córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Oifig. Bíonn bainistíocht riosca ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí do phróisis straitéiseacha agus ghnó na hOifige. Is trí chláir rioscaí, trí phleananna straitéiseacha agus gnó agus trí spriocanna aonair CBFF a chuirtear an obair sin i gcrích.
- Córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú. Is i bhfeidhm ag an Oifig atá crua-earraí agus bogearraí nua-aimseartha deisce ríomhaire. Is i bhfeidhm freisin atá freastalaithe, líonraí agus córais agus saoráidí cúltaca agus balla dóiteáin. Is deimhin liom go bhfuil ár gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) oiriúnach don fheidhm agus go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach.
- Treoirlínte rialaithe um infheistiú caipitil agus disciplíní foirmiúla do bhainistíocht tionscadal, atá cuí, i bhfeidhm.

Cinntíonn an Oifig go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta ann a chinntíonn go gcomhlíontar gach treoirlíne ábhartha. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas conradh amháin de luach €125,498 atá liostaithe i mo thuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002. Baineann an cás seo áfach le cás ina raibh conradh le haghaidh seirbhísí dlí ann roimhe sin, tar éis próisis iomaíocha soláthair, ach bhí sé seo imithe as feidhm. Mar gur bhain an caiteachas le dlíthíocht a leanann go fóill, beartaíodh go mbeadh sé níos ciallmhaire ó thaobh úsáid acmhainní leanúint ar aghaidh leis na soláthruithe seirbhíse dlí a bhí ann cheana agus go mbeadh sé níos éifeachtúla ó thaobh costais. Eagraíodh comórtas nua soláthair agus tá na seirbhísí nua dlí go léir sannta faoin gconradh seo

**Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig. Oibríonn an t-aonad iniúchóireachta inmheánaí faoi chairt a formheasadh sa bhliain 2016. Téann anailís de na rioscaí sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Is é aidhm na bpleananna sin na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

**Jacqui McCrum**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman

29 Márta 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 19 Oifig an Ombudsman

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a fhorordaiodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 19 Oifig an Ombudsman don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig an Ombudsman. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2017

# Vóta 19 Oifig an Ombudsman
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláraithe sa mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 5,975 | 4,819 | 4,458 |
| B | An coimisiúin um chaighdeáin in oifigí poibil | 2,008 | 1,499 | 1,351 |
| C | Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil | 2,157 | 2,090 | 2,137 |
| | **Olliomlán** | **10,140** | **8,404** | **7,946** |
| | *Bain de* | | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **402** | **302** | **362** |
| | **Glaniomlán** | **9,738** | **8,106** | **7,584** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,632,379 | 1,154,075 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| I | Tuarastail, pá agus liúntais | 7,416 | 6,372 | 6,041 |
| ii | Taisteal agus cothú | 58 | 47 | 48 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 435 | 444 | 484 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 86 | 33 | 42 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhís TF seachtracha | 232 | 687 | 381 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 189 | 123 | 130 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus arthbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 1,070 | 383 | 209 |
| viii | Táillí dlí | 644 | 319 | 611 |
| ix | An Coimisiún Reifrinn | 10 | — | — |
| | | 10,140 | 8,408 | 7,946 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 6,372 | 6,041 |
| Caiteachas eile | | 2,036 | 1,905 |
| **Olliomlán** | | **8,408** | **7,946** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasa-i-gcabhair** | | **302** | **362** |
| **Glaniomlán** | | **8,106** | **7,584** |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (472) | | |
| Dímheas | 286 | | |
| Caillteanas ar Dhiúscairt | 7 | (179) | (106) |
| **Athraithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | | (248) | (77) |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 37 | | |
| Laghdú ar stoc | — | 37 | (8) |
| **Caiteachas díreach** | | **7,716** | **7,393** |
| **Caiteachas iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 2,057 | 2,019 |
| **Costas glan clár** | | **9,773** | **9,412** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is ionann an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara agus na méideanna measta seo a leanas I ndáil le Vóta 19 a thabhaítear in áiteann eile.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 23 | 30 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 848 | 832 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,174 | 1,148 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Roinnte | 12 | 9 |
| | **2,057** | **2,019** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 748 | 309 |
| **Athraithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | 2.3 | 92 | 99 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 207 | 228 |
| Stoic | 2.5 | 13 | 13 |
| Réamhíocaíochtaí | | 97 | 107 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 35 | 41 |
| Glanchistiú ón Státchiste a bhí dlite | 2.8 | 86 | 22 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **438** | **411** |
| | | | |
| **Lúide Dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 66 | 39 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 328 | 291 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **394** | **330** |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | **44** | **81** |
| **Glansócmhainní** | | **884** | **489** |
| | | | |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **884** | **489** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 489 | 276 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 9,738 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,632) | | |
| Vóta glan | | | 8,106 | 7,584 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1 | | 2,057 | 2,019 |
| Coigeartuithe airgid cheannach | 2.3 | | 5 | 22 |
| Costas glan clár | 1 | | (9,773) | (9,412) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **884** | **489** |

**2.2 Sócmhainní caipitil**

| | Trealamh IT | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2016 | 769 | 129 | 519 | 1,417 |
| Breiseanna | 707 | 25 | — | 732 |
| Diúscairtí | (132) | (25) | (82) | (239) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2016 | 1,344 | 129 | 437 | 1,910 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2016 | 514 | 123 | 471 | 1,108 |
| Dímheas don bhliain | 263 | 9 | 14 | 286 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (132) | (24) | (76) | (232) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2016 | 645 | 108 | 409 | 1,162 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016** | **699** | **21** | **28** | **748** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2015** | **255** | **6** | **48** | **309** |

| **2.3 Athraithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ag 1 Eanair 2016 | 99 | — |
| Coigeartú * | 5 | 22 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain | 248 | 77 |
| Aistrithe chuig clár na sócmhainní | (260) | — |
| ag 31 Nollaig 2016 | 92 | 99 |

* Nóta – Fágadh sonrasc ar lár gan chuimhneamh ar luach €5,227 i dtaca le tionscadal TF as an bhfigiúr do Shócmhainní Caipitil i mbun Forbartha i gCuntas Leithreasa 2015. D´éiligh sin coigeartú na suime seo. I 2015, rinneadh coigeartú ar luach €22,000 do chaiteachas i 2014 a fágadh ar lár roimhe seo.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 207 | 228 |

| **2.5 Stoic** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 8 | 6 |
| Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 5 | 7 |
| | 13 | 13 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Míreanna eile dochair fionraí | 35 | 41 |

| **2.7 Iarmhéideanna eile creidmheasa** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suim atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 147 | 147 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 65 | 56 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 46 | 14 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 26 | 24 |
| | 284 | 241 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 39 | 38 |
| Míreanna veile creidmheasa atá ar fionraí | 5 | 12 |
| | 328 | 291 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 1,632 | 1,154 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,718) | (1,176) |
| Glanchistiú ón Státchiste a bhí dlite | (86) | (22) |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 207 | 228 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 35 | 41 |
| | 242 | 269 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (284) | (241) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (44) | (50) |
| | (328) | (291) |
| | (86) | (22) |

| **2.9 Tiomantais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| B'ionann iomlán na gceangaltas in-fheidhmithe dlíthiúil | 96 | 111 |

**2.10 Dliteanais Theagmhasacha**

Tá an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí faoi dhliteanas an tríú cuid de chostais dlí duine aonair ag eascairt as cás athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Ós rud é nach bhfuil idirbheartaíocht faoi chostais curtha i gcrích, ní féidir an tsuim lena mbaineann a mheas.

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Feidhm an Ombudsman/Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 4,748 | 4,061 | 3,845 |
| A.2 | Riarachán - neamhpá | 1,227 | 758 | 613 |
| | | 5,975 | 4,819 | 4,458 |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1.16 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

**Tuarastal, pá agus liúntais**

Tháinig coigilt €687,000 chun cinn mar horadh ar mhoilleanna ar fholúntais a líonadh agus costais lánbhliana na mball foirne a earcaíodh sa bhliain 2016.

**Trealamh Oifige agus Soláthairtí Oifige**

Tá an Oifig ag tabhairt faoi mhóroibreacha uasghrádaithe líonra. Mar gheall ar ráta méadaithe i dtaca le ceannach ríomhairí pearsanta, ceadúnas Sharepoint agus freastalaithe Windows, d´eascair caiteachas ar luach €187,000 thar an tsuim bhuiséadaithe i 2016.

**Seirbhísí Comhairleachta**

Sna meastacháin don bhliain 2016, rinneadh soláthar do chaiteachas ar shainchomhairleoirí seachtracha ar mhaithe le córas bainistíochta doiciméad nua agus córas bainistíochta taifead nua a fhorbairt le haghaidh na bhfeidhmeanna reachtúla go léir in Oifig an Ombudsman. Mar thoradh ar mhoilleanna ar sholáthar, bhí an caiteachas sa bhliain 2016 €451,000 ní b'ísle ná a bhíothas ag súil leis. Is amhlaidh anois go dtabhófar an caiteachas sin sa bhliain 2017.

**Táillí Dlí**

Baineann an fo-mhírcheann seo le caiteachas dlí a thabhaigh Oifig an Ombudsman agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Tá sé doiligh an caiteachas ar tháillí dlí a réamh-mheas go cruinn agus bhí gannchaitheamh €110,000 ann i gcomparáid leis an tsuim a measadh.

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **An Coimisiúin um Chaighdeáin in Oifig Poibil** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 1,185 | 766 | 709 |
| B.2 | Riarachán - caiteachas eile | 823 | 733 | 642 |
| | | 2,008 | 1,499 | 1,351 |

**Athraithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár B €509,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Seo a leanas na príomhchúiseanna a bhí leis sin:

**Tuarastal, pá agus liúntais**

D´eascair an coigilteas ar luach €419,000 as an moill a bhí ann maidir le hearcú foirne breise a theastaíonn do chur i bhfeidhm fhorálacha an Achta um Brústocaireacht a Rialáil 2015.

**Trealamh Oifige agus Soláthairtí Oifige**

Tá móroibreacha uasghrádúcháin líonra á ndéanamh ag an Oifig faoi láthair. Mar gheall ar cheannach ríomhairí pearsanta, ceadúnas Sharepoint agus freastalaithe Windows, d´eascair caiteachas ar luach €128,000 thar an tsuim bhuiséadaithe i 2016.

**Seirbhísí Comhairleachta**

Bainistíochta doiciméad nua agus córas bainistíochta taifead nua a fhorbairt le haghaidh na bhfeidhmeanna reachtúla go léir in Oifig an Ombudsman. Mar thoradh ar mhoilleanna ar sholáthar, bhí an caiteachas sa bhliain 2016 €271,000 ní b'ísle ná a bhíothas ag súil leis. Is amhlaidh anois go dtabhófar an caiteachas sin sa bhliain 2017.

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 1,483 | 1,545 | 1,487 |
| C.2 | Riarachán - caiteachas eile | 674 | 545 | 650 |
| | | 2,157 | 2,090 | 2,137 |

**Athraithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár C €67,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

**Trealamh Oifige agus Soláthairtí Oifige**

Tá móroibreacha uasghrádúcháin líonra á ndéanamh ag an Oifig faoi láthair. Mar gheall ar cheannach ríomhairí pearsanta, ceadúnas Sharepoint agus freastalaithe Windows, d´eascair caiteachas ar luach €139,000 thar an tsuim bhuiséadaithe i 2016.

**Táillí Dlí**

Baineann an fo-mhírcheann seo le caiteachas dlí a thabhaigh Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil. Bhí an caiteachas sa bhliain 2016 €254,000 níos lú ná a rinneadh soláthar dó. Tá sé doiligh na táillí dlí a réamh-mheas go cruinn. Rinneadh achomharc chun na Cúirte Uachtaraí in aghaidh breith amháin ón Ard-Chúirt i bhfabhar an Choimisinéara Faisnéise. Is dócha go n-éistfear é sa bhliain 2017. Tá trí chás bhreise lena mbaineann an Coimisinéir Faisnéise os comhair na hArd-Chúirte agus tá cás amháin eile os comhair na Cúirte Achomhairc.

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | **2016** | | **2015** |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. Ilghnéitheach | 5 | 13 | 13 |
| 2. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí Iomlán | 397 | 289 | 349 |
| | 402 | 302 | 362 |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**

Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

**Asbhaint a Bhaineann le Pinsean**

Na fáltas ó asbhaintí a bhaineann le pinsean níos ísle faoi €108,000 ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar fholúntais fhoirne agus mar gheall ar laghduithe i dtairseacha na n-asbhaintí a bhaineann le pinsean.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (comhionann le fostaithe lánaimsire) | 117 | 107 |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 5,949 | 5,636 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 22 | 34 |
| Ragobair | 23 | 36 |
| ÁSPC an Fhostóra | 378 | 335 |
| **Pá iomlán** | **6,372** | **6,041** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2016 € | Uasíocaíocht aonair 2015 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 8 | 1 | 10,913 | 11,333 |
| Ragobair agus tinrimh bhreise | 28 | — | 3,452 | 7,549 |
| Luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 5 | — | 5,394 | 13,216 |

**5.2. Ró-íocaíochtaí tuarastail**

B'ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €9,877 (9 gcás) (2015: €13,148, 8 gcás). Tá plean aisghabhála i bhfeidhm chun €2,620 den tsuim sin a aisghabháil (1 chás).

## 6. Ilghnéitheach

**6.1 Costais dlí**

| | | | | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | An líon cásanna | Costais dlí ar íoc Oifig an Ombudsman iad | Costais dlí a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó Dhaoine den phobal** | — | — | — | — | **—** | 137 |